



## Topaic: Ag tacú le meonta foghlama dearfacha i naónáin agus i lapadáin (Ó Bhreith - 3 bliana)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus *Síolta* araon ar an tábhacht atá le tacaíocht a thabhairt do mheonta foghlama dearfacha i gcleachtas na luathbhlianta.

Sa seisiún gairid forbartha gairmiúla leanúna seo, foghlaimeoidh tú tuilleadh faoi mheonta foghlama dearfacha. Tarraingítear aird sna hacmhainní molta i gcomhair féachana, léitheoireachta agus machnaimh ar conas is féidir cabhrú le naónáin agus lapadáin meonta foghlama dearfacha a fhorbairt, ar nós neamhspleáchais, fiosrachta agus athléimneachta nó teacht aniar.

### Príomhnaisc

- Téamaí *Aistear*: [Folláine](#)
- *Síolta* Caighdeán 1: [Cearta an pháiste](#)

**Ag tacú le meonta ar  
nós  
neamhspleáchais,  
fiosrachta agus  
athléimneachta.**

		✓
	Féach ar an bhfíséán ceithre nóiméad seo, chun éisteacht leis an Dr Margy Whalley ag míniú cén ról atá agatsa i dtacú le meonta foghlama dearfacha páistí.	
	Léigh an leidbhileog seo, <a href="#">Ag cabhrú le leanáí agus le lapadáin meonta dearfacha foghlama a fhorbairt</a> (Ó Bhreith - 3 bliana) chun smaointe praiticiúla a fháil faoi thacaíocht a thabhairt do mheonta foghlama dearfacha naónán agus lapadán.	
	Mura bhfuil tú cinnte faoina mbíonn i gceist le meon dearfach i lapadán, féach ar an bhfíséán trí nóiméad seo <a href="#">Forbairt meonta dearfacha foghlama a chur chun cinn: Tiúchan agus buanseasmhacht (Breith - 6 bliana)</a> , chun neamhspleáchais, athléimneacht agus buanseasmhacht i ngníomh a fheiceáil.	
	Ní féidir leis an bpáiste meonta ar nós neamhspleáchais, athléimneachta agus buanseasmhachta a fhorbairt ach amháin nuair a bhíonn deis aige rudaí a dhéanamh dó féin agus leis sin caithfear a bheith sásta éirí fliuch agus salach mar a mheabhraíonn an Dr Margy Whalley dúinn san fhíséán dhá nóiméad seo.	



**Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thusa a fheiceáil/léamh**



**Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .**



Nasc chuit an Treoir Chleachtais [Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta](#)

Tá na hacmhainní thusa agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar [www.aistearsiolta.ie](http://www.aistearsiolta.ie)

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.